

Ghlaic an Comhaontas Glas / Green Party le na seacht prionsabail sed a leanas nuair a bhunaíodh é:

1. Ní chóir go mbeadh droch-thionchar ag an tsochaí ar an chomhshaol.
2. Tá caomhnú acmhainní rí-thabhachtach do sochaí inbhuanaithe.
3. Ba chóir gach cinneadh polaitiúil, sóisialta agus eacnamúil a dhéanamh ag an leibhéal éifeachtach is ísle.
4. Ba chóir an tsochaí a threorú ar féin-tuilleamaí agus comh-oibriú ar gach leibhéal.
5. Mar airígh don Domhan, tá dualgas orainn é a chuir ar aghaidh i riocht folláin agus sláintiúil.
6. Tá an gá le síocháin domhanda níos tabhachtach ná leasanna náisiúnta agus tráchtala.
7. Éilíonn bochtanas dhá thrian de dhaonra an domhain athdháileadh acmhainní an domhain.

## DAONLATHAS, FOLLASACHT AGUS FREAGRACHT

Beidh follasacht agus rannpháirtíocht sa rialtas áitiúil níos tabhachtach fiú, le dúshláin an trasdul chuig geilleagar agus sochaí tar éis breoslaí iontaise. Chun dul i ngleic le na dushláin sin, tá rannpháirtíocht macánta, smaointe maithe, comhchuspóir, agus tiomantas i leith cothroime ag teastáil. Is féidir le rialtas áitiúil na gnéithe seo a chothú. Ba ceart go mbeadh sé sofreagrach do eolas agus tuairimí an pobal agus eagraíochtaí pobail, agus oscailte ina phróisis, ag socrú polasaithe ar bhealach oscailte.

Tá mo suíomh idirlín bunaithe ar an cur chuige sin. Tá mion-eolas ar gach ábhar sa bhileog seo ar fáil ar [www.davidhealy.com](http://www.davidhealy.com)

**Coimeád do Ghuth Glas ar Comhairle Contae Fhine Gall -**

**Vótáil Healy Uimh. 1**

## FAOI DAVID

**Is saineolaí timpeallachta é David le céim sa Dlí agus máistreacht i nEolaíocht Timpeallachta. D'obair sé le eagraíochtaí comhshaoil, pobail agus forbairt idirnáisiúnta.**

**Oibríonn sé anois mar comhairleoir ar polasaithe athrú aeráide don grúpa Comhaontas Glas/Green Party san Oireachtas.**

**Mar chomhairleoir, tá ainm ag David mar duine a oibríonn go dluth le eagraíochtaí pobail agus as son pleanáil maith.**

**Tá éachtaí faoi leith bainte amach ag David ag chur caighdeán níos airde ó thaobh úsáid tiosach fuinnimh agus úsáid fuinnimh in-athnuaite i forbairt tithíocht nua, ag forbairt clóis súgartha, agus ag feabhsú leabharlanna agus páirceanna poiblí.**

## BALL DE:

- Howth Special Amenity Area Order Management Committee
- Fingal Co.Co. Corporate Policy Group
- Chair of Fingal Co.Co. Planning and Strategic Infrastructure Policy Committee.
- Friends of the Irish Environment
- Howth Pathways
- Keep Ireland Open
- Friends of Balcaddan Bay
- Feasta, the Foundation for the Economics of Sustainability

**087 6178852**

**david.healy@cllr.fingal.ie**  
**www.davidhealy.com**

An English language version of this leaflet is available.



**green party**  
comhaontas glas

**Vótáil Uimh. 1**

**An Clr. David HEALY**

**Do Ghuth Glas ar Comhairle Contae Fhine Gall**

[www.davidhealy.com](http://www.davidhealy.com)  
[david.healy@cllr.fingal.ie](mailto:david.healy@cllr.fingal.ie)  
[@davidhealyv](https://twitter.com/davidhealyv)  
087 6178852

**CEANTAR BHINN ÉADAIR / MULLACH ÍDE**

BAILE DUBHGHAILL, BAILE GRÍOFA, BAISCÍN, CILL FHIONNTAIN, CIONN SÁILE, COIS BÁ, FAOLDROIM, PORT MEARNÓG SAN ÁIREAMH

# AN CLR. DAVID HEALY

## CUSPÓIRÍ AGUS ÉACHTAÍ TITHÍOCHT

Táim ag obair, le mo chomhghleacaithe glas go h-áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta, chun tithíocht poiblí “cíos costais” (an “Múnla Vín”) a bhaint amach. Ba ceart go n-úsáidfear talamh faoi sheilbh poiblí i gcomhar tithíocht a bheadh inachmainne go buan agus a laghdódh an luaineacht sa margadh tithíocht.



## BEALAÍ GLASA

- Tá tógáil an bealach glas idir Baile Dubhghaill agus Port Mearnóg le tús i mí Meitheamh agus le críochnú i mí Deireadh Fómhair.
- Déanfar an iarratas chuig An Bord Pleanála sna seachtainí seo romhainn don bhealach glas idir Mullach Íde agus Domhnach Bat trasna Inbhir Mullach Íde.
- Ar moladh uaim, déanadh staidéar feidearthachta ar bhealaí glas ó Cionn Sáile i ngach treo, chuig Mullach Íde, Sord Cholm Cille, Baile Gríofa agus Port Mearnóg. Tá níos mó eolais ar [www.davidhealy.com](http://www.davidhealy.com)
- Tá innealtóirí ag imscrúdú an bealach cósta iomlán idir Chill Fhionntain agus Baile Brigín.
- Táim ag obair chun ceangail a dhéanamh idir Chluain Gríofa agus Baile Dhubhghaill tríd na Áirsí Dearga, idir Mhullach Íde agus Sord Cholm Cille ar bhruach an Inbhir, agus idir Chill Fhionntain agus Beann Éadair.

## DEARAÍ BÓTHAIR DÍRITHE AR SHÁBHÁILTEACHT

Déanaim dúshlán leanúnach i gcoinne droch leagan amach bóithre, go h-áirithe timpealláin agus acomhail eile nach gcuireann áiseanna cearta ar fáil chun a bóthar a thrasnú. Ar an drochuair, vótáil tromlach beag de na Comhairleoirí i gcoinne mo rún go mbeadh solathár bealaí sábháilte siúil agus rothaíochta do scoileanna nua mar dhualgas sa Plean Forbartha Contae. É sin ráite, d’aontaigh an Comhairle níos déanaí oibriú ar feabhas a chur ar rochtain siúil agus rothaíochta do scoileanna atá ann cheana.



## AIBHNEACHA AGUS MARA GLANA

Bíonn draein forsceite ag díriú séarachais sna haibhneacha le linn báistí trom, ag truáilliú na farraige agus na dtránna. Is foinse mór truailithe freisin uisce dromchla uirbeach, a théann isteach sna haibhneacha agus sruthanna. Oibrím i bhfábhar na bhforbairt a ghlanfaidh an truailiú agus i gcoinne iadsan a bhfuil nó a bhéadh mar fhoinsí truailithe, agus le cinntiú go cuirfear i bhfeidhm agus go neartófar na ceadúnais sceite a bhfuil tionchar acu ar Inbhir Mhullach Íde agus Bá Bhaile Átha Cliath.

## CREIMEADH AGUS TUILE CÓSTA

Glacadh le mo mholadh monatóireacht cósta a dhéanamh, ar mhaithe le réitigh oiriúnú do creimeadh cósta, sa Plean Forbartha Contae, agus anois tá sé á chur i bhfeidhm.

## ROCHTAIN DON DÚLRA A CHOSAINN AGUS A FHEABHSÚ

Is tosaíocht dom cearta slí a chosaint, go h-áirithe do tránna agus áiseanna nádúrtha. Táim tiománta cinntiú go mbeadh ár n-áiseanna iontacha nádúrtha ar fáil do siúilóirí, marcaigh, snámhaithe, rothaithe, seoltóirí scíthe, tumadóirí, surfálaithe eitleoige, cadhcóirí, agus go gcoinneófar agus go bhfeabhsófar rochtain chucu.

## COSAINN AN DÚLRA AGUS NA BITHÉAGSÚLACHTA

Leanfainn ag obair ar son cosaint agus athchóirí ar thailte, aibhneacha agus cósta fiáin agus leath-nádúrtha. Tá Fine Gall ag fáil réidh le húsáid na lotnaidicídí i bpáirceanna agus talamh oscailte tar éis moladh uaim.



## ATHRÚ AERÁIDE

Is iad na dúshláin is mó atá romhainn mar speiceas ná stop a chur le haistíochtaí a athraíonn an aeráid agus oiriúinú a dhéanamh roimh na hathruithe atá sa chóras aeráide cheana. Síngigh Fine Gall Conradh na Méara um Aeráid agus Fuinnimh, ag tiomnú aistíochtaí a laghdú 40% faoi 2030 i comparáid le 1990.

Is í an trasdul go sochaí íseal-carbóin an obair is mó atá ós comhair na gcomhairleoirí sa céad tréimhse Chomhairle eile, agus na polasaithe pleanála, tithíochta agus taistil á mheas go h-áirithe.

Ciallaíonn seo cinntiú go gcruthóidh forbairt i bhFine Gall ceantair in-siúlta le rochtain chuig gréasán taistil poiblí idirnasctha, agus áiseanna áitiúla den scoth. Ciallaíonn sí caighdeán beatha níos airde ag costas acmhainní nádúrtha níos ísle.